Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2017
(OR. en)

10387/17

COEST 142
CFSP/PESC 556

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	19 Meitheamh 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9911/17
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir mar a ghlac an Chomhairle iad an 19 Meitheamh 2017.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir

1. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil tíortha na hÁise Láir ina gcomhpháirtithe tábhachtacha anois leis an Aontas Eorpach. Deich mbliana tar éis don straitéis don Áise Láir[1] a bheith glactha, agus breis agus 25 bliana tar éis do na cúig thír lena mbaineann neamhspleáchas a bhaint amach, is díol sásaimh anois don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta i ndáil le caidreamh an Aontais a fhorbairt leis an gCasacstáin, le Poblacht na Cirgeastáine, leis an Táidsíceastáin, leis an Tuircméanastáin agus leis an Úisbéiceastáin, agus le réigiún na hÁise Láir ina iomláine. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá na trí fhormáid comhair atá ann idir an tAontas agus tíortha na hÁise Láir, .i. na cruinnithe aireachta AE-Áise Láir, na Comhairlí um Chomhar leis na tíortha ar leith agus an tIdirphlé Ardleibhéil Polaitiúil agus Slándála, agus aithníonn sí freisin an obair thábhachtach atá á déanamh ag Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Lár na hÁise.

2. Leanann na príomhchuspóirí agus na príomhréimsí tosaíochta i Straitéis 2007 an Aontais don Áise Láir, agus sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir an 22 Meitheamh 2015, de bheith ábhartha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá sé caidreamh láidir buan a fhorbairt, bunaithe ar úinéireacht chomhpháirteach agus arb é is aidhm dó forbairt shocheacnamaíoch shíochánta, rathúil, inbhuanaithe, chobhsaí a chothú le réigiún na hÁise Láir, i gcomhréir le Straitéis Dhomhanda an Aontais agus an gealltanas comhpháirteach maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil doimhneacht an chaidrimh ceangailte le huaillmhianta agus riachtanais na dtíortha ar leith den Áise Láir chun ár gcaidreamh déthaobhach a chur chun cinn, chomh maith lena dtiomantas chun athchóirithe a dhéanamh leis an daonlathas, na saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, agus chun an geilleagar a nuachóiriú agus a éagsúlú. Leanfaidh an tAontas de na sonraíochtaí ar fad a chur san áireamh ó thaobh na forbartha socheacnamaíche, an rialachais agus na huaillmhéine de agus a chomhar á shaothrú aige leis na cúig thír sin. Is díol sásaimh di an treocht atá ann le déanaí níos mó teagmhála réigiúnaí a bheith ann san Áise Láir, agus spreagann an Chomhairle an Coimisiún agus na Ballstáit leanúint leis na cláir ilnáisiúnta nuair is iomchuí sin chun an comhar réigiúnach a chur ar aghaidh.

---

[1] "An tAontas Eorpach agus an Áise Láir: Straitéis do Nuapháirtíocht", doiciméad 10113/07 ón gComhairle an 31 Bealtaine 2007.

4. Ós rud é go bhfuil dúshláin mhóra sa réigiún i ndáil le cearta an duine, lena n-áirítear saincheisteanna inscne, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfaí den idirphlé macánta le tíortha na hÁise Láir maidir le dea-rialachas, an smacht reachta agus cearta an duine. Is éard atá i gceist leis sin an urraim do chearta an duine a chur chun cinn, tosaíocht níos mó fós a thabhairt don chomhar sa smacht reachta i Straitéis an Aontais, agus tacú le tíortha na hÁise Láir dul i ngleic leis an éilliú agus an chuntasacht a chur chun cinn trí leas iomlán a bhaint as an tionscnamh reatha don smacht reachta agus as an ardán a ghabhann leis. Is uirlis thábhachtach é an ríomhrialachas chun na críche sin. Iarrann an Chomhairle freisin go leanfaidh an tsochaí shibhialta de bheith rannpháirteach go dlúth i gcur chun feidhme na Straitéise, le go mbeidh an tsochaí shibhialta in ann cur go héifeachtach le forbairt agus le hidirphlé an bheartais.

5. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin slándála atá ag tíortha na hÁise Láir agus leagann sí béim ar an ngá le hidirphlé agus comhar a neartú i ndáil le dúshláin slándála, amhail an t-antoisceachas foréigneach a chosc (lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an radacú agus ar throdaithe eachtracha) agus an fhrithsceimhlitheoireacht, agus béim níos mó á leagan ar an gcosc. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí taighde lena bhféachfar céard iad cúiseanna an radacaithe chun treoir a thabhairt do chur chuige agus gníomhaíocht a bheadh bunaithe ar fhianaise chun an radacú a laghdú. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbeadh rialú éifeachtach teorann ann chun an trádáil trasteorann agus an comhrac i gcoinne na gáinneála neamhdhleathaí ar dhaoine agus earraí a éascú, agus chun sreabha imirce a bhainistiú, agus tá sí meáite leanúint de thacaíocht a thabhairt chun an comhar a neartú i measc tíortha na hÁise Láir maidir le bainistiú a dteorainneacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin an rún atá aici an t-idirphlé slándála réigiúnaí a fhorbairt tuilleadh le tíortha na hÁise Láir, agus rannpháirtíocht níos láidre a áirithiú ón Afganastáin, rud a chuirfidh leis na hiarrachtaí chun comharsanacht na hÁise Láir a chobhsú.

6. Aithníonn an Chomhairle an gá le feabhas a chur ar chumarsáid straitéiseach an Aontais san Áise Láir, lena n-áirítear chun a áirithiú go mbeidh infheictheacht agus raon níos fearr ag straitéis an Aontais agus ag na torthaí a thiocfaidh as. Cuireann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh meáin neamhspleácha ann, gan brú inmheánach ná seachtrach á chur orthu.

7. Cuireann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go dtacófar leis an oideachas. Ba cheart go mbeadh ról lárnach ag cláir oideachais arna gcur ar fáil ag an Aontas agus ag Ballstáit aonair chun cabhrú le hinstitiúidí na hÁise Láir acmhainní a fhorbairt le go mbeifí in ann curaclaim nua-aimseartha, cuimsitheacha a thairiscint a bheidh ag freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair agus ag rannchuidiú chun luachanna an daonlathais, chearta an duine, na saoirsí bunúsacha agus an t-idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn, trí leas iomlán a bhaint as an tionscnamh oideachais atá ann cheana agus as an ardán a ghabhann leis. Rannchuidíonn teagmháil idir dhaoine agus comhar idirnáisiúnta go mór leis an iarracht sin. Trína áirithiú go mbeidh naisc idir an t-oideachas dara leibhéil agus triú leibhéil agus an ghairmoiliúint, agus freisin idir an taighde agus na margaí saothair, déanfar an nuálaíocht, an fhostaíocht agus an comhionannas inscne a chur chun cinn tuilleadh. Cuideoidh sé sin freisin le cosc a chur ar an eisiamh agus le riosca an radacaithe a laghdú i measc daoine óga.

8. Cuireann an Chomhairle i bhfios a thábhachtaí atá sé go gcuirfear chun cinn timpeallacht iontaofa, tharraingteach d'infheistíochtaí inbhuanaithe, freagracha i Lár na hÁise, mar aon le cobhsaíocht an chreata dhlíthiúil, an deimhneacht dhlíthiúil, trédhearcacht, rannpháirtíocht an phobail gnó agus lánpháirtiú réigiúnach. I gcomhréir leis an méid sin, leagann an Chomhairle béim ar an gcomhghaol idir an smacht reachta, an dea-rialachas agus timpeallacht gnó fheabhsaithe. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur gá an malartú taithí agus feasa gnó i dteicneolaíochtaí nuálacha a mhéadú, go háirithe i réimse na bhfuinneamh in-athnuaite, na héifeachtúlachta fuinnimh, an bhainistithe uisce agus na forbartha tuaithe, chun an fhorbairt inbhuanaithe a spreagadh.

9. Sna hearnálacha iompair, bonneagair agus fuinnimh, cuireann an Chomhairle in iúl gur cheart, leis an gcomhar idir an tAontas agus an Áise Láir, tosaíocht a thabhairt do chomhtháthú thíortha na hÁise Láir lena chéile agus do chomhtháthú na dtíortha sin sna margaí agus sna conairí idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de Chonair Gháis an Deiscirt a shíneadh chuig an Áise Láir agus de chomhar iltaobhach agus déthaobhach fuinnimh an Aontais a chur chun cinn tuilleadh. Leanfaidh an tAontas freisin d'fhuinneamh in-athnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinneamh san Áise Láir a chur chun cinn trína shaineolas a thairiscint i ndáil le creataí rialála fónta a fhorbairt agus trí thacaíocht a thabhairt do chomhar infheistíochta le hinstitiúidí airgeadais na hEorpa.

10. Maidir le ceist íogair chomhroinnt na n-acmhainní nádúrtha agus a thábhachtaí atá a ról i gcobhsaíocht an réigiúin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé leasanna straitéiseacha gach ceann de na cúig thír sin san Áise Láir a urramú, agus ag an am céanna creataí iltaobhacha agus réigiúnacha idirphlé a chur chun cinn, mar aon le comhlíonadh méadaithe na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta, na prionsabail dlí lena rialaítear an comhshaol, bainistiú acmhainní trasteorann, agus na hiarmhairtí a bhaineann le himeacht Mhuir Aral. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do thíortha na hÁise Láir chun cuir chuige a shainiú níos fearr i ndáil le húsáid inbhuanaithe agus bainistiú éifeachtúil acmhainní nádúrtha, go háirithe uisce ar an leibhéal náisiúnta agus trasteorann, agus tacaíocht a thabhairt don réigiún chun dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide agus chun caomhnú an chomhshaoil a áirithiú, trí leas iomlán a bhaint as tionscnamh reatha um chomhshaol agus comhar uisce agus a ardán. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin na tionscnaimh shonracha ón gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta (GIFA, BEAF) chun tionchar na bhfuíoll úráiniam san Áise Láir a leigheas, mar aon lena thacaíocht chun rioscaí bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha san Áise Láir a mhaolú.

11. Tugann an Chomhairle dá haire na pleananna chun cláir cúnaimh forbartha réigiúnaí a shruthlíniú faoi dhá cheannteideal leathana: fás/poist inbhuanaithe agus slándáil/cobhsaíocht, agus ag an am céanna cuireann sí i dtreis go bhfuil gá le réitigh chomhchoiteanna, gan dochar do phlé breise maidir leis na cláir sin sna fóraim ábhartha. Is gá athléimneacht an réigiúin ina iomláine a mhéadú, mar aon le hathléimneacht tíortha aonair.

12. De mheon an chuir chuige chomhtháite, cuireann an Chomhairle i dtreis an gá le comhar, comhordú agus sineirgí a fheabhsú tuilleadh idir na Ballstáit, SEGS agus an Coimisiún Eorpach. Tá sé tábhachtach go leanfaidh Ballstáit an Aontais de bheith ag cur le cur chun feidhme na straitéise agus go ndéanfaidh siad a dtionscnaimh náisiúnta a chomhroinnt leis an gComhairle.

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá comhlántacht agus comhsheasmhacht idir cláir dhéthaobhacha agus réigiúnacha an Choimisiúin agus na mBallstát chun a áirithiú go bhfuil riachtanais thíortha na hÁise Láir spriocdhírithe go maith, agus go bhfuil tacaíocht SEGS, an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát comhtháite, cuimsitheach agus comhordaithe. Ní mór béim ar leith a leagan ar bhraistint comhúinéireachta a bheith ag na tíortha is tairbhithe, ag an Aontas agus ag na Ballstáit.

14. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá idirphlé agus comhordú le heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta, go háirithe ESCE, a leanann de láithreacht luachmhar a bheith aici ar an talamh i ngach ceann de na cúig thír sin san Áise Láir, Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus eile, chomh maith le comharsana thíortha na hÁise Láir agus stáit eile atá gníomhach sa réigiún, d'fhonn teacht ar shineirgí idir na beartais agus na tionscnaimh faoi seach atá againn maidir le saincheisteanna amhail an tslándáil, an idirnascacht, an t-iompar, an fuinneamh agus an fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear deiseanna a eascróidh as tionscnaimh "bhóthar an tsíoda".

15. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí dá chuspóirí straitéiseacha agus do thacaíocht a thabhairt don athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch san Áise Láir. Tráth comórtha deich mbliana ó straitéis bhunaidh na hÁise Láir creideann an Chomhairle go bhfuil an t-am tagtha athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar an gcaidreamh eadrainn, agus na réaltachtaí nua geopholaitiúla agus riachtanais agus cumais athraitheacha ár gcomhpháirtithe san Áise Láir á gcur san áireamh. Iarrann an Chomhairle dá bhrí sin ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún teacht chun tosaigh le tograí le haghaidh straitéis nua faoi dheireadh 2019 i gcomhréir le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh. Leis an straitéis nua ba cheart machnamh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach le gníomhaíocht an Aontais chun tacú leis an Áise Láir ó 2007 i leith. Ba cheart é a phlé tríd is tríd leis na Ballstáit agus an bonn a leagan síos le haghaidh comhpháirtíocht athnuaite, fheabhsaithe leis an réigiún agus an cúnamh a threorú a thabharfaidh an tAontas don Áise Láir go luath anois. Tá sé de rún ag an Aontas go mbeidh comhpháirtithe na hÁise Láir páirteach in ullmhú na straitéise nua.